



## Rúnaí / Fáilteoir

### Conradh 2 bhliain

Is mian le TG4 Rúnaí / Fáilteoir a earcú a bheidh lonnaithe sa gCeannáras i mBaile na hAbhann.

Fostóir comhionannais deiseanna é TG4 agus déantar iarratais incháilithe a mheas gan beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh ná ballraíocht den Lucht Siúil. Tá TG4 i bhfabhar na héagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine ó chúlraí éagsúla.

### An Ról

Éireoidh leat sa ról seo más duine tú atá ábalta oibriú go muiníneach as do stuaim féin agus go héifeachtach i dtimpeallacht spreagúil. Beifear ag súil go mbeidh tú dírithe ar an obair, go mbeidh ardscoilleana cumarsáide agat, teacht i láthair taitneamhach, ábalta oibriú mar chuid d'fhoireann agus taithí chruthaithe agat i ról den chineál céanna.

Ag freagairt don Bhainisteoir Oifige, beidh an Rúnaí / Fáilteoir freagrach as :

- Dualgais ghinearálta riaracháin agus tacaíochta a chur ar fáil ar fud rannóg
- Dualgais an fháilteora a chomhlíonadh
- Fáilte a chur roimh chuairoteoirí, custaiméirí agus aíonna

### Nithe atá riachtanach don phost seo:

A bheith tiomanta d'Fhís, Misean agus Straitéis TG4 a chur i bhfeidhm.

Eolas maith ar ríomhairí (sárthuiscint ar Excel, MS Office, ar na hArdáin Meán Sóisialta) agus an cumas córais nua a fhoghlaim go tapa

A bheith ábalta feidhmiú go muiníneach as do stuaim féin, go héifeachtach, i dtimpeallacht spreagúil.

Fócas dearfach, cumas maith foirne agus taithí ar obair riaracháin agus ar obair fáiltithe.

A bheith ábalta spriocanna oibre a chomhlíonadh.

Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge den scoth ag an té a cheapfar, idir labhairt agus scríobh na teanga.

**Is ón 9:00-17:00, ó Luan go hAoine na huaireanta oibre.**

**Is 4pm Dé Luain an 28 Samhain 2022 an spriocdháta d'iarratais. Seol d'iarratas mar aon le litir iarratais chuig [cv@tg4.ie](mailto:cv@tg4.ie).**